# Cumann Óige ar an Aer



*Seo chuid den chumann óige lena stiúrthóir **Ali Mac Aindreasa** a bhain an-sult is tairbhe as na ceardlanna raidío le **Máirtín Davy Ó Coistealbha**, ina measc tá **Malacaí Mac Cormaic**, **Oisín Mac Cormaic**, **Tiernán Ó Ceallaigh**, **Amy Ní Bhreannáin**, **Amy Ní Ceallaigh**, **Aisling Hawkins**, **Rian Ó Coileáin**, **Declan Berry**, **Caomhán Ó Conachán**, **Ciana is Justin Cooney**, **Alannah Nic Cormaic** agus **Muireann Ní Bhaoill**.*

Bhí deis iontach tugtha do Chumann Óige Locha Riach sraith ceardlanna speisialta a eagrú le deireannas nuair a tháinig Máirtín Davy Ó Coistealbha chucu. Bhí an craoltóir le RTÉ RnaG ag obair leis an ghrúpa thar thréimhse míosa le scileanna raidió a theagasc dóibh.

Ba mhór an taithí a bhain siad as na ceardlanna raidió seo agus iad uilig ag foghlaim na scileanna eagsúla bainte le clár raidió a chur le chéile. Leagadh an-béim ar cur i láthair agus cumas clár a láithriú go soiléir.

D'fhoghlaim siad go leor fá  chlár a chruthú agus an tábhacht a bhain le script ceart a bheith ullmhaithe roimh ré.

Mar aon leis an mhéid sin, cuireadh ar an eolas iad fá stair an raidió, fá na teicnící taifeadta agus an dóigh ar tháinig forbairt ar an teicneolaíocht thar na blianta.

Bhí sé de bhuntáiste ag na daoine óga go raibh Máirtín Davy ar fáil le hiad a stiúradh agus comhairle a chur ar fáil i rith an ama. Mar a tharlaíonn sé, tá taithí 35 bliain aige i mbun craoltóireachta ar an raidió agus thaifead sé a chéad chlár riamh don raidió ar na Spailpíní i mBaile Locha Riach. Cinnte, tá go leor taistil is taifid déanta aige ó shin agus bhí sé breá sásta an t-eolas a roinnt leis na daoine óga i mBaile Locha Riach.

Fá láthair, tá eagarthóireacht a dhéanamh ar an clkár raidió a scríobh is a láithrigh na daoine óga iad féin i gcomhar le Máirtín Davy agus gach seans go mbeidh blúiríní beaga le cloisteáil ar na haerthonnta go luath.

Ar ndóigh, tá Cumann Óige iontach buíoch do Fhoras na Gaeilge, do Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus do 'Gaeilge Locha Riach' a thacaigh go mór leis an tionscadal seo a chur i gcrích. Tá súil acu go mbeidh siad ábalta tógail ar na scileanna seo agus a thuilleadh cláracha a chur le chéile sna blianta amach rompu.